03.

# AGHAIDH A THABHAIRT AR IOMPAR NEAMHDHLEATHACH AGUS NEAMHFHREAGRACH SA MHÉID GO MBAINEANN SÉ LE DLÍ CUIDEACHTA

# CAIBIDIL 3
# AGHAIDH A THABHAIRT AR IOMPAR NEAMHDHLEATHACH AGUS NEAMHFHREAGRACH SA MHÉID GO MBAINEANN SÉ LE DLÍ CUIDEACHTA

## Struchtúr na Caibidle seo

Is struchtúraithe ar bhealach trínar féidir na trí Chuid seo a leanas, is iad sin ionchuir, tréchuir agus aschuir na hOifige faoi seach, atá an Chaibidil seo.

## CUID A: IONCHUIR

## IONCHUIR SHEACHTRACHA

Stiúrtar gníomhaíochtaí na hOifige agus aghaidh á tabhairt ar iompar neamhdhleathach agus neamhfhreagrach go pointe an-suntasach, ar bhealach díreach agus indíreach araon, le hionchuir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha. Tá gá leis sin, toisc:

- go bhfuil oibleagáidí tuairiscithe reachtúla don Oifig ag roinnt páirtithe, lena n-áirítear leachtaitheoirí, iniúchóirí agus comhlachtaí gairmiúla áirithe;
- go bhfuil an Oifig ina cuid de chreat reachtúil níos leithne a dhéanann foráil don tarchur faisnéise, faisnéis a bheadh rúnda ar shlí eile, idir comhlachtaí rialála agus forfheidhmithe i gcás ina meastar an fhaisnéis sin a bheith bainteach le feidhmeanna na n-aonán eile sin; agus
- go bhfaigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal sa bhliain.

Sa chomhthéacs sin, ba mar seo a leanas a bhí na hionchuir phríomha a fuarthas ó fhoinsí seachtracha i rith na bliana:

**Tábla 5**
**Ionchuir ó fhoinsí seachtracha**

| | | 2012 | % | | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tuarascálacha reachtúla** | | | | | | |
| Tuarascálacha tosaigh ó leachtaitheoirí faoi alt 56 | 1,315 | | | 1,287 | | |
| Tuarascálacha iardain ó leachtaitheoirí faoi alt 56 | 472 | | | 438 | | |
| Iomlán tuarascálacha ó leachtaitheoirí faoi alt 56 | | 1,787 | 75.62 | | 1,725 | 77.04 |
| Tuarascálacha ó leachtaitheoirí ar coiriúileacht féideartha | | 2 | 0.08 | | 1 | 0.04 |
| Tuarascálacha indíotáilte ó iniúchóirí | | 157 | 6.64 | | 169 | 7.55 |
| Tuarascálacha indíotáilte ó chomhlachas ghairmiúla | | 7 | 0.30 | | 9 | 0.40 |
| Tuarascálacha de réir alt 19 d'Acht um Cheartas Choiriúil 2011 | | 1 | 0.05 | | 0 | 0 |
| **Tarchuir** | | | | | | |
| Tarchuir ó pháirtithe seachtracha | | 72 | 3.05 | | 31 | 1.39 |
| **Gearáin** | | | | | | |
| Gearáin ó bhaill den phobal | | 337 | 14.26 | | 304 | 13.58 |
| **Líon iomlán ionchuir ó fhoinsí seachtracha** | | **2,363** | **100** | | **2,239** | **100** |

Formhínítear thíos na príomhfhoinsí seachtracha ionchur a stiúir gníomhaíochtaí na hOifige sa bhliain faoi athbhreithniú.

## Tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí

**Intreoir – forbhreathnú ar an gcóras tuairiscithe leachtaitheora**

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5 thuas, tá tuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí ina gcúis le breis agus 75% de na hionchuir sheachtracha go léir a fuair an Oifig i rith 2012. Mar achoimre, ceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí atá dócmhainneach[26], de réir an dlí[27], tuairisciú don Oifig faoi fhorléasadh na cuideachta agus faoi iompar aon duine a bhí mar stiúrthóir den chuideachta sa dá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. Ní mór don leachtaitheoir freisin tús a chur le hiarratas a dhéanamh ar an Ard-Chúirt le haghaidh gach duine de na stiúrthóirí a shrianadh[28], murar bhain an Oifig an oibleagáid sin as/aisti[29].

Is iad na haidhmeanna éigeantacha atá ag baint leis an gcóras tuairiscithe reachtúil seo ná:

- cosaint áirithe a thabhairt don bhall trí chinntiú a dhéanamh nach bhféadfaidh daoine a cinneadh nár ghníomhaíodar go hionraic agus/nó go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach, i ndáil leis an tréimhse éigeantach srianta cúig bliana, gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí eile a chomhlíonann íosriachtanais chaipitlithe; agus
- a chinntiú go bhféadann daoine a cinneadh gur ghníomhaíodar go hionraic agus go freagrach sa tréimhse sula ndeachaigh cuideachta faoi leachtú dócmhainneach leanúint orthu dul i mbun gníomhaíocht fiontraíochta trí mheán cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta gan smachtbhanna ná pionós.

Ina ról a chomhlíonadh, tá an Oifig ag súil go soláthróidh leachtaitheoirí an fhaisnéis ar fad a bhaineann le déanamh an chinnidh iomchuí. Tugann sí spreagadh do leachtaitheoirí freisin moladh oiriúnach ar fhaoiseamh a dhéanamh trí thagairt a dhéanamh do thorthaí a n-imscrúduithe.

Déanann an Oifig breithniú ar fhaoiseamh a dheonú i gcás ina gcuireann leachtaitheoir fírinniú bunaithe ar fhianaise ar aghaidh mar thaca le maíomh gur ghníomhaigh stiúrthóir go hionraic agus go freagrach agus gnóthaí na cuideachtaí á ndéanamh aige/aici. Agus a cinntí á déanamh aici, is mian leis an Oifig a chinntiú nach mbeidh an t-ualach d'éisteacht Ard-Chúirte ar aon stiúrthóir gan ghá i gcás inar thaispeáin sé nó sí iompar iontaofa agus freagrach go soiléir agus gnóthaí an ghnóthais ar theip air á ndéanamh aige/aici. Dáiríre, gníomhaíonn an Oifig mar scagaire chun an gá le breithniú na hArd-Chúirte ar na cásanna ar cosúil nach fiú a haird iad a bhaint.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach gciallaíonn cinntí OSFC '*gan faoiseamh*' nó '*faoiseamh páirteach*' gur aimsíodh mí-ionracas nó neamhfhreagracht i leith na stiúrthóirí lena mbaineann, agus bheadh sé iomchuí dá mbainfí an tátal nó an líomhain sin as. Is faoin Ard-Chúirt amháin (tar éis di éisteacht le haighneachtaí an leachtaitheora agus na stiúrthóirí faoi seach) a chinneadh cé acu ar cheart, nó nár cheart, fógra srianta a dhéanamh i leith stiúrthóir cuideachta ar leith.

[26] Tá cuideachta dócmhainneach nuair nach bhfuil sé ábalta a cuid fiachas a íoc de réir mar atá siad dlite
[27] Alt 56 den AFDC
[28] I gcás ina bhfuil duine aonair srianta faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, ní fhéadfaidh sé/sí gníomhú mar stiúrthóir cuideachta nó mar rúnaí cuideachta ach ar feadh tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin, ar choinníoll go gcomhlíonann an chuideachta lena mbaineann íosriachtanais chaipitlithe áirithe. I gcás cuideachta phríobháideach, tá íos-scairchaipiteal glaoite de €63,487 ag teastáil. I gcás cuideachta phoiblí theoranta, is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach.
[29] Leagtar próiseas agus scóip an tuairiscithe leachtaitheora amach i dtrí phríomhfhoilseachán OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 arna bhforlíonadh ag Fógra Cinnidh D/2003/1 agus Fógra Eolais I/2009/1. Tá na cáipéisí sin ar fáil ag www.osfc.ie

### Cuideachtaí ag dul faoi leachtú

Mar thoradh ar an dianchor chun donais eacnamaíoch, lean teipeanna cuideachta ar aghaidh ag leibhéal ard i rith 2012. Is féidir é sin a fheiceáil ón Tábla thíos:

- i rith na bliana, sheas leachtuithe dócmhainneacha (is iad sin leachtuithe creidiúnaithe agus Cúirte comhcheangailte) do 59% de na leachtuithe go léir;
- ba í 2012 an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile inar sháraigh líon na leachtuithe dócmhainneacha 1,200 leachtú; agus
- bhí laghdú 13% ar leachtuithe sócmhainneacha (is iad sin leachtuithe ball) i rith 2012, ó 1,054 leachtú go 919 leachtú.

**Tábla 6**
**Cuideachtaí ag dul faoi leachtú: 2008 - 2012**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| Leachtuithe creidiúnaithe | 530 | 1,124 | 1,258 | 1,311 | 1,210 |
| Leachtuithe Cúirte | 83 | 121 | 128 | 99 | 107 |
| **Iomlán leachtuithe dóchmhannacha** | 613 | 1,245 | 1,386 | 1,410 | 1,317 |
| Leachtuithe Ball | 1,051 | 1,158 | 899 | 1,054 | 919 |
| **Iomlán leachtuithe sóchmhannacha[30]** | 1,051 | 1,158 | 899 | 1,054 | 919 |
| **Leachtuithe iomlán** | **1,664** | **2,403** | **2,285** | **2,464** | **2,236** |

### Tuairiscí leachtaitheoirí a fuarthas – 2012

Mar is féidir ó Thábla 5 thuas, fuarthas 1,787 tuairisc leachtaitheoirí san iomlán i rith na bliana (2011: 1,725), dá raibh:

- 1,315 ina dtuairiscí tosaigh (2011: 1,287); agus
- 472 ina dtuairiscí dá éis[31] (2011: 438).

Freagraíonn an leibhéal ard leantach seo de leachtuithe nua do na himthosca eacnamaíocha a bhí ann i rith na bliana faoi athbhreithniú. Is cuid suntais sa chomhthéacs sin í an fhíric gur bhain roinnt de na tuairiscí a fuarthas le haonáin mhórscála, a bhfuil a ngnóthaí tráchtála casta go háirithe.

Sa tábla thíos, soláthraítear sonraí maidir leis an leithdháileadh earnála cuideachtaí a bhfuarthas tuairiscí tosaigh leachtaitheoirí ina leith i rith na bliana.

[30] Cé nach bhfuil ról ar bith ag an Oifig maidir le leachtuithe sóchmhainnigh (is é sin leachtuithe ball), áirítear sonraí díobh ar mhaithe comhláine.

[31] Is éard atá i gceist i dtuairisc thosaigh ná an chéad tuairisc a fhaightear ó leachtaitheoir agus ní mór í a chur isteach laistigh de 6 mhí tar éis a cheaptha/ceaptha. I bhformhór na gcásanna, bíonn an cinneadh ar cé acu a dheonaítear faoiseamh nó nach ndeonaítear bunaithe ar an tuairisc seo. I gcásanna áirithe, áfach, ceanglaítear ar an leachtaitheoir tuairisc dá éis a chur isteach tar éis dó/di tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar a (h)imscrúduithe. I gcásanna ina meastar tuairisc dá éis a bheith riachtanach, deonaítear '*faoiseamh ag an am seo*' i ndáil leis an tuairisc thosaigh de ghnáth.

**Tábla 7**
**Anailís earnálach ar thuairiscí tosaigh alt 56 na leachtaitheoirí a fuarthas – 2012**

| Earnáil | 2012 | | 2011 | |
|---|---|---|---|---|
| | | % | % | |
| Mórdhíol & miondíol | 318 | 24 | 286 | 22 |
| Foirgníocht | 273 | 21 | 319 | 25 |
| Déantúsaíocht & priontáil | 172 | 13 | 161 | 13 |
| Óstáin, barrana & lónadóireacht | 137 | 10 | 142 | 11 |
| Gnóthas pobail, sósialta & eile | 116 | 9 | 103 | 8 |
| Mairgíodh & bolscaireacht | 78 | 6 | 63 | 5 |
| Éastát réadach & ligean ar cíos | 71 | 5 | 96 | 7 |
| Iompar & dailiúcháin | 51 | 4 | 44 | 3 |
| Teicnólaíocht & teileachumarsáid | 44 | 4 | 16 | 1 |
| Airgeadais & léasú | 18 | 2 | 16 | 1 |
| Earcaíocht & seirbhísí slándála | 19 | 1 | 22 | 2 |
| Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara | 18 | 1 | 19 | 2 |
| **Iomlán** | **1,315** | **100** | **1,287** | **100** |

### Tráthúlacht thuairisciú na leachtaitheoirí

I rith na bliana, d'eisigh an Oifig 198 fógra (2011: 339) do 79 leachtaitheoir ar leith inar cuireadh in iúl dóibh go raibh a n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla á mainneachtain acu. Réitíodh cuid mhór de na mainneachtainí sin go pras mar thoradh ar an ngníomh seo agus, dá bhrí sin, fuarthas 94% de na chéad tuairiscithe a bhí dlite i rith na bliana faoi dheireadh na bliana (2011: 95%). Mar sin féin, theip ar líon beag leachtaitheoirí a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh arís is arís eile. Is sainréimse fócais don Oifig iad na cásanna sin agus d'fhéadfadh gníomhaíocht forfheidhmithe iomchuí suas go dtí ionchúiseamh coiriúil, agus é san áireamh, teacht as na sáruithe seasmhacha sin ar oibleagáidí reachtúla. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur sainaithníodh iompar na leachtaitheoirí i gcoitinne a bheith ina réimse ar fiú díriú air tuilleadh i 2013 agus ina dhiaidh sin.

### Caighdeán thuairisciú na leachtaitheoirí

Measadh caighdeán thuairiscí na leachtaitheoirí a fuarthas i rith na bliana a bheith sásúil den chuid is mó. In áisc áirithe, áfach, ní raibh caighdeán an tuairiscithe ar an gcaighdeán a bhí ag teastáil. Thabharfadh tásca le tuiscint go gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh in imthosca rannpháirteacha ina leith sin:

- méid na dtascanna dócmhainneachta a dtugann roinnt gnólachtaí aghaidh orthu; agus
- easpa choibhneasta taithí ar dhócmhainneacht a bheith ag leachtaitheoirí áirithe mar thoradh ar iontrálaithe nua ag teacht isteach sa mhargadh. Sa chomhthéacs sin, cuirtear ar fáil i dTábla 8 anailís ar phróifíl na leachtaitheoirí a rinne gníomhaíochtaí dócmhainneachta sa tréimhse 2008 go 2012.

Mar gheall ar na saincheisteanna roimhe seo, bhí gá le leibhéal ard teagmhála le leachtaitheoirí lena mbaineann chun críche riachtanais na hOifige a shonrú agus gnéithe de thuairiscí a cuireadh isteach a shoiléiriú. I gcásanna áirithe, measadh a bheith riachtanach iarraidh ar leachtaitheoirí teacht chuig an Oifig chun plé a dhéanamh ar a dtuairiscí agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn leis na conclúidí a leagtar amach istigh iontu.

**Tábla 8**
**Próifíl na leachtaitheoirí a thug aghaidh ar leachtuithe dócmhainneachta de réir líon na ngníomhaíochtaí 2008 – 2012**

| Líon leachtaitheoirí | Líon gníomhuithe | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | <3 | 3-6 | 7-12 | >12 | Iomlán |
| 2008 | 59 | 11 | 14 | 6 | 90 |
| 2009 | 122 | 25 | 18 | 16 | 181 |
| 2010 | 169 | 48 | 33 | 26 | 276 |
| 2011 | 182 | 57 | 30 | 27 | 296 |
| 2012 | 187 | 63 | 37 | 22 | 309 |

## Leithdháileadh earnálach d'ionchuir sheachtracha eile (is é sin ionchuir sheachtracha cé is moite de thuairiscí 56 na leachtaitheoirí)

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 5, níor sheas comhiomlán na n-ionchur seachtrach sin cé is moite de thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí ach do phas beag níos lú ná 25% de na hionchuir sheachtracha san iomlán a fuarthas sa bhliain. Sa Tábla thíos, soláthraítear anailís ar leithdháileadh earnálach na n-ionchur seachtrach eile sin.

**Tábla 9**
**Leithdháileadh earnálach ionchur seachtrach cé is moite de thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí**

| Earnáil | 2012 | | 2011 | |
|---|---|---|---|---|
| | | % | | % |
| Éastát réadach & ligean ar cíos | 92 | 16 | 85 | 16 |
| Foirgníocht | 54 | 9 | 49 | 9 |
| Mórdhíol & miondíol | 46 | 8 | 63 | 12 |
| Déantúsaíocht | 34 | 6 | 29 | 6 |
| Óstáin, barrana & lónadóireacht | 18 | 3 | 20 | 4 |
| Gnóthas pobail, sósialta & pearsanta | 26 | 5 | 29 | 6 |
| Airgeadais & léasú | 33 | 6 | 32 | 6 |
| Iompar & dailiúcháin | 11 | 2 | 10 | 2 |
| Talmhaíocht, mianadóireacht & saothrú mara | 17 | 3 | 8 | 2 |
| Sláinte & obair shósialta | 16 | 3 | 35 | 7 |
| Teicnólaíocht & teileachumarsáid | 22 | 4 | 13 | 3 |
| Mairgíodh & bolscaireacht | 54 | 9 | 35 | 7 |
| Earcaíocht & seirbhísí slándála | 1 | 0 | 4 | 1 |
| Earnáil ghnó eile | 60 | 10 | 33 | 6 |
| Earnáil ghnó anaithnid | 0 | 0 | 37 | 7 |
| Nach cuideachta ann | 92 | 16 | 32 | 6 |
| **Iomlán** | **576** | **100** | **514** | **100** |

## Gearáin

Faigheann an Oifig líon suntasach gearán ó bhaill den phobal sa bhliain. I rith na bliana, fuarthas 337 gearán san iomlán (2011: 304), a sheas do 14% de na hionchuir sheachtracha go léir a fuarthas. Sa Tábla thíos, soláthraítear anailís ar ábhar na ngearán a fuarthas.

**Tábla 10**
**Gearáin a fuarthas (anailísithe de réir thréith na mainneachtana príomha)**

| | 2012 | % | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|
| Líomhaintí trádáil mheargánta/chalaoiseach/ dhócmhainneach | 77 | 23 | 81 | 27 |
| Bainteach le Cruinnithe Cinn Bhliana Ginearálta/ Urghnácha | 50 | 15 | 44 | 14 |
| Bainteach le fiachas gan íoc | 37 | 11 | 52 | 17 |
| Saincheisteanna cearta scairshealbhóirí ginearálta | 33 | 10 | 22 | 7 |
| Bainteach le trádáil le linn bheith bainte den Chlár | 32 | 9 | 9 | 3 |
| Iompar stiúrthóra | 24 | 7 | 41 | 14 |
| Bainteach le iniúchadh/iniúchóir | 17 | 5 | 7 | 2 |
| Líomhaintí  brionnú/faisnéis bhréige a thabhairt | 12 | 4 | 7 | 2 |
| Eile | 55 | 16 | 41 | 14 |
| **Iomlán** | **337** | **100** | **304** | **100** |

## Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó Iniúchóirí

### Intreoir – forbhreathnú ar chóras tuairiscithe na n-iniúchóirí

I gcás ina bhfaigheann iniúchóirí cuideachta seilbh ar fhaisnéis, le linn dóibh iniúchadh a dhéanamh agus dá bhua sin, a bhfuil ina cúis lena dteacht ar an tuairim go bhfuil cúis réasúnach acu le creidiúint go ndearna an chuideachta, nó oifigeach nó gníomhaire den chuideachta, cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí[32], ceanglaítear ar na hiniúchóirí an tuairim sin a thuairisciú don Oifig[33]. Rinne an Oifig treoir a fhorbairt agus a fhoilsiú chun cabhrú le hiniúchóirí a n-oibleagáidí ina leith seo a chomhlíonadh[34].

### Cineál cionta a rabhthas in amhras orthu a tuairiscíodh

Le linn na bliana, fuarthas 157 tuairisc faoi chionta indíotáilte san iomlán (2011: 169). Tugtar anailís sa Tábla thíos ar chineál na gcionta a rabhthas in amhras orthu a bhí sna tuairiscí sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil líon na dtuairiscí a fuarthas ar comhréir le líon na gcionta a rabhthas in amhras orthu a tuairiscíodh mar go raibh níos mó ná cion amháin a rabhthas in amhras air san áireamh i dtuairiscí i roinnt cásanna.

[32] Cé is moite de chionta faoi alt 125(2) agus alt 127(12) d'Acht 1963, arna leasú
[33] Alt 194(5) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna chur isteach ag alt 74 den AFDC agus arna leasú ina dhiaidh sin ag alt 37 d'Acht 2003 agus ag alt 73 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005
[34] Fógra Cinnidh D/2006/2 – Treoir Athbhreithnithe faoi Dhualgas Iniúchóirí Tuairiscí a Chur Chuig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Chásanna Amhrais i leith Cion Indíotáilte. Forlíonadh é seo níos déanaí le Fógra Eolais I/2009/4 - Tuairisciú Cionta Dlí Cuideachtaí: Eolas d'Iniúchóirí

**Tábla 11**
**Anailís ar chionta indíotáilte a rabhthas in amhras orthu a thuairiscigh iniúchóirí**

| | 2012 | % | 2011[35] | % |
|---|---|---|---|---|
| Sárú iasachta stiúrthóirí | 127 | 76 | 144 | 77 |
| Mainneachtain leabhair chuí chuntas a choinneáil | 28 | 17 | 23 | 12 |
| Ráitis bhréigeach d'iniúchóirí | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Easpa cáilíochta chun ceapacháin mar iniúchóir agus ag feidhmiú mar iniúchóir | 5 | 3 | 9 | 5 |
| Falsú doiciméad | 4 | 2 | 3 | 1 |
| Cruinnithe Ginearálta Urghnácha gan bheith tionólta | 0 | 0 | 1 | 1 |
| Cionta eile ilgnéitheach | 2 | 1 | 5 | 3 |
| **Iomlán** | 167 | 100 | 186 | 100 |

## Tarchuir

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, tá an Oifig mar chuid de chreatlach reachtúil níos leithne a cheadaíonn malartú faisnéise rúnda idir comhlachtaí rialála agus comhlachtaí forfheidhmithe, faoi réir cosaintí agus teorainneacha cuí. Sa chomhthéacs sin, faigheann an Oifig tarchuir ó chomhlachtaí reachtúla eile ó am go ham. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuair an Oifig 72 tarchur den sórt sin (2011: 31) ó roinnt foinsí éagsúla. Ina measc siúd, bhí:

- Cláraitheoir na gCuideachtaí;
- na Coimisinéirí Ioncaim;
- An Garda Síochána;
- ÚMICÉ; agus
- an Banc Ceannais

## Tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó chomhlachtaí gairmiúla

**CACanna[36]**

Sa chás go bhfuil forais réasúnacha ag Coiste Araíonachta nó ag Binse de chuid CAC chun a chreidiúint go bhféadfadh cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí a bheith déanta ag duine nuair a bhí an duine sin ina bhall/ball den Chomhlacht Aitheanta Cuntasóireachta, éilítear ar an gCAC sin an t-ábhar a thuairisciú don Oifig[37]. I rith na bliana, fuarthas 7 dtuairisc san iomlán (2011: 9) ó CACanna. Tugtar anailís sa Tábla thíos ar chineál na gcionta a rabhthas in amhras orthu atá san áireamh sna tuairiscí sin.

35 Léirítear sonraí maidir le 2011 i bhfoirm athrangaithe ó Tuarascáil Bhliantúil 2011 le haghaidh anailís níos gráinní a éascú.

36 Is é is Comhlacht Aitheanta Cuntasaíochta (CAC) ann ná comhlacht cuntasóireachta a bhfuil cead aige údarás a thabhairt dá chuid ball, faoi réir critéir áirithe a bheith sásaithe ag na baill sin, gníomhú mar iniúchóirí reachtúla agus mar ghnólachtaí iniúchóireachta faoi seach. Tá sé Chomhlacht Aitheanta Cuntasaíochta, is iad sin:
- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC)
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ)
- Institute of Chartered Accountants in England & Wales (ICAEW)
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ)
- Institute of Chartered Accountants of Scotland (ICAS)
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí (ICCP)

37 Alt 192(6) d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna leasú le halt 73 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí (AFDC)

**Tábla 12**
**Anailís ar thuairiscí faoi chionta indíotáilte ó chomhlachtaí gairmiúla – 2012**

| Cion amhrasta | Foráil Reachtúla | Tuairiscí |
|---|---|---|
| Feidhmiú mar iniúchóir gan bheith cáilithe | Alt 187, Acht na gCuideachtaí 1990 | 1 |
| Eolas bhréigeach a thabhairt | Alt 242, Acht na gCuideachtaí 1990 | 2 |
| Feidhmiú mar iniúchóir gan bheith cáilithe | Alt 187 and 242, Acht na gCuideachtaí 1990 | 1 |
| Loiceadh leachtaitheora Cruinniú Ginearálta cuideachta agus a creidiúnaithe a thionól i gcás a leanann an leachtú ar feadh níos mó ná 12 mí agus i ndhiaidh sin ráiteas airgeadais a thabhairt don Cláraitheoir. | Alt 272, Acht na gCuideachtaí 1990 | 3 |
| **Iomlán** | | **7** |

### Comhlachtaí Forordaithe Gairmiúla (“CFG”)

Mar an gcéanna, sa chás go bhfaigheann an Coiste Araíonachta nó Binse de chuid CFG amach nár choimeád ball atá i mbun leachtaithe nó glacadóireachta taifid iomchuí, nó go bhfuil forais réasúnacha ag an gCoiste Araíonachta nó ag Binse de chuid Comhlacht Forordaithe Gairmiúil chun a chreidiúint go bhfuil cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí déanta ag an mball le linn leachtaithe nó glacadóireachta, ní mór don CFG lena mbaineann an t-ábhar a thuairisciú don Oifig[38].

De bhun Rialacháin an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí (Alt 58) 2001[39], ainmníodh na comhlachtaí seo a leanas mar CFGanna:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (CCDC);
- Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta (ICCB);
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (ICDPÉ);
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (ICCÉ);
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí (ICCP);
- Institiúid Chánach na hÉireann; agus
- Dlí-Chumann na hÉireann.

Cé is moite de na tuairiscí sin a fuarthas ó CACanna dá dtagraítear thuas, ní bhfuarthas aon tuairiscí eile ó CFGanna le linn na bliana.

38 Alt 58 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí
39 IR 544 de 2002

## Tuairiscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann

I gcúinsí inar cosúil go bhfuil aon iar-oifigeach nó aon oifigeach reatha de chuid na cuideachta ciontach in aon chion a bhaineann leis an gcuideachta, éilítear ar leachtaitheoirí tuairisc a thabhairt don SIP agus an t-ábhar a tharchur chuig an Oifig[40]. Baineann an oibleagáid tuairiscithe seo le gach leachtú, idir shócmhainneach agus dhócmhainneach (is é sin Leachtuithe Deonacha Creidiúnaithe agus Leachtuithe Cúirte araon). Le linn na bliana, fuair an Oifig dhá thuairisc den sórt sin.

## Tuairiscí faoi alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011

Cuireadh oibleagáid reachtúil ar dhaoine i gcoitinne faisnéis ar leith a thuairisciú don Gharda Síochána maidir le "*cionta iomchuí*" áirithe le hAlt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil 2011 ("ACC"). Is ionann cionta iomchuí agus iad siúd atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an ACC. Áirítear leo roinnt de na cionta is tromchúisí faoi Achtanna na gCuideachtaí. I measc na gcionta sin, tá:

- trádáil chalaoiseach[41];
- ráitis bhréagacha a dhéanamh le hiniúchóirí cuideachtaí[42];
- faisnéis bhréagach a thabhairt[43];
- cáipéisí cuideachta a dhíothú, a lot nó a fhalsú[44];
- mainneachtain taifid chuí chuntasaíochta a choimeád[45];
- cúnamh neamhdhleathach airgeadais a bheith á thabhairt ag cuideachta le haghaidh scaireanna a cheannach sa chuideachta sin[46];
- cásanna áirithe a bhaineann le faisnéis nó le réadmhaoin a choinneáil siar ó leachtaitheoirí[47]; agus
- calaoisí réamhleachtaithe[48].

Baineann an oibleagáid tuairiscithe le haon duine a bhfuil faisnéis aige/aici arb eol dó/di, nó a gcreideann sé/sí, a bheith ina cúnamh ábhartha maidir le:

i. cosc a chur le cion iomchuí a bheith á dhéanamh ag duine eile; nó

ii. gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine mar gheall ar chion iomchuí a bhaint amach.

Is é an oibleagáid ná an fhaisnéis sin a nochtadh "*...a luaithe agus is féidir é a nochtadh do bhall den Gharda Síochána*." Déanann duine a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach a bheith aige/aici, aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh cion coiriúil, contrártha le halt 19.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhforchuirtear oibleagáid chun tuairisc a thabhairt do OSFC le halt 19 den ACC. Ina ionad sin, is é an oibleagáid ná tuairisc a thabhairt do "*...b(h)all ar bith den Gharda Síochána*". Mar sin féin, mar a sonraíodh i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear le hoifigigh OSFC baill ar iasacht ón nGarda Síochána[49]. Dá bhrí sin, is féidir le daoine a bhfuil faisnéis acu maidir le cionta iomchuí ar cionta dlí cuideachta iad a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil trí fhaisnéis den sórt sin a thuairisciú do dhuine d'Oifigigh an Gharda Síochána de chuid na hOifige.

40 Alt 299 d'Acht 1963
41 Alt 297 d'Acht 1963
42 Alt 197(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990
43 Alt 242 d'Acht na gCuideachtaí 1990
44 Alt 243 d'Acht na gCuideachtaí 1990
45 Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990
46 Alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963, (arna leasú)
47 Mír (a), (d), (e), (f), (g), (i), (j), (k), (l), (m), (n), (o) nó (p) d'Alt 293(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1963
48 Alt 295 d'Acht na gCuideachtaí 1963
49 Baill iad a bhfuil a gcuid gnáthchumhachtaí nó gnáthoibleagáidí faoi Alt 12(4) den Acht um Fhorfheidh-miú Dlí Cuideachtaí, 2001, fós dílsithe dóibh agus atá in ann na gnáthchumhachtaí nó na gnáthoibleagáidí sin a fheidhmiú nó a chomhlíonadh mar bhaill den Gharda Síochána

Fuarthas tuairisc amháin den sórt sin le linn 2012. Bhain an tuairisc sin le sárú líomhnaithe ar alt 293(1)(c) d'Acht na gCuideachtaí 1963 – ag eascairt as mainneachtain líomhnaithe ag oifigeach de chuid cuideachta a bhí á fhoirceannadh an réadmhaoin réadach agus phearsanta ar fad de chuid na cuideachta nó aon chuid den réadmhaoin réadach agus phearsanta de chuid na cuideachta, mar a bhí faoi choimeád nó faoi rialú an oifigigh, a sheachadadh do leachtaitheoir na cuideachta sin.

# IONCHUIR INMHEÁNACHA

## Intreoir

Cé, mar a bhí soiléir sa chuid níos luaithe den Chaibidil seo, go bhfágann líon na n-ionchur seachtrach a fhaightear go n-osclaítear formhór na gcáschomhad a osclaítear laistigh den Oifig seo mar fhreagra ar na hionchuir sheachtracha sin, gineann an Oifig ionchuir inmheánacha freisin trí ghlacadh le cur chuige réamhghníomhach i leith fhorfheidhmiú Achtanna na gCuideachtaí. I measc na n-ionchur i dtaca leis sin, tá tionscnaimh inmheánacha a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha;
- maoirseacht ar leachtaitheoirí; agus
- imscrúduithe agus fiosruithe eile arna dtosú ar a tionscnamh féin.

## Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha

Sainíonn an Oifig mar "*chuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha*" na cuideachtaí sin a bhaintear de Chlár na gCuideachtaí mar gheall ar neamhchomhdú a dtuairisceáin bhliantúil agus a raibh dliteanais acu, cé acu a bhí na dliteanais sin iarbhír, teagmhasach nó ionchasach, ag an dáta ar ar baineadh den Chlár iad.

Is féidir leis an Oifig iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun stiúrthóirí de chuid cuideachtaí a baineadh den Chlár a dhícháiliú[50]. Mar sin féin, déantar foráil sa dlí[51] freisin nach féidir leis an gCúirt duine a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dliteanais ag an gcuideachta nuair a baineadh an chuideachta sin den Chlár nó gur scaoileadh na dliteanais sin sular tionscnaíodh an t-iarratas dícháilithe. Agus breithniú á dhéanamh aici ar an bpionós a fhorchuirfear, is féidir leis an gCúirt na stiúrthóirí a shrianadh sa chás go mbreithníonn sí nach bhfuil údar le dícháiliú[52].

Sa chás go bhfuil fianaise ann a léiríonn go raibh cuideachta dócmhainneach ag an dáta ar ar baineadh den Chlár í, is é beartas na hOifige breithniú a dhéanamh ar dhícháiliú stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Sa chás go mbaintear cuideachta de Chlár na gCuideachtaí, dílsítear a cuid sócmhainní atá fágtha don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhréir le forálacha an Achta Maoine Stáit 1954. In aon chás inar cosúil go raibh sócmhainní suntasacha ag cuideachta nuair a baineadh den Chlár í, cuireann an Oifig é sin in iúl don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Maoirseacht ar leachtaitheoirí

Is é ceann de na feidhmeanna reachtúla atá ag an Stiúrthóir ná:

*"...ról maoirseachta a fheidhmiú, sa mhéid is a mheasann an Stiúrthóir é a bheith riachtanach nó cuí, ar ghníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi Achtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh"[53].*

Cé go dtugann próiseas alt 56, mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, deis don Oifig maoirseacht indíreach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe d'obair leachtaitheoirí, measann an Oifig é a bheith cuí nó riachtanach ar shlí eile ó am go ham maoirseacht níos dírí a dhéanamh ar obair leachtaitheoirí. Déantar an mhaoirseacht níos dírí sin trí na cumhachtaí ar tugadh don Oifig le hAlt 57 den AFDC a fheidhmiú[54].

50 Alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)
51 Alt 160(3A) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)
52 Alt 160(9A) d'Acht na gCuideachtaí 1990, (arna leasú)
53 Alt 12(1)(e) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí
54 Áirítear foráil chomhchosúil a bhaineann le glacadóirí in Alt 323A d'Acht 1963

Foráiltear le halt 57 gur féidir leis an Stiúrthóir na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a iarraidh, ar a thionscnamh féin nó de bhun gearáin ó bhall, ó ranníocóir nó ó chreidiúnaí de chuid cuideachta, go dtáirgfear leabhair leachtaitheora – i ndáil le próiseas leachtaithe ar leith, nó i ndáil le gach leachtú arna ndéanamh ag an leachtaitheoir; agus
- freagraí an leachtaitheora ar aon cheisteanna a bhaineann lena bhfuil i leabhair den sórt sin, agus gach cúnamh agus is féidir leis an leachtaitheoir a thabhairt a lorg.

Gabhann cosaintí áirithe leis na cumhachtaí a tugadh don Stiúrthóir le halt 57, is iad sin:

- ní mór don Oifig fógra a thabhairt don leachtaitheoir is freagróir faoin gcúis (faoi na cúiseanna) lena bhfuil an t-iarratas á dhéanamh; agus
- ní féidir iarratas a dhéanamh i leith leabhar a bhaineann le leachtú a tugadh chun críche níos mó ná 6 bliana roimh an iarratas.

## Imscrúduithe a tosaíodh ar a tionscnamh féin

Mar a léirítear thuas, tionscnaíonn an Oifig fiosruithe agus imscrúduithe ar a tionscnamh féin nuair a mheastar é sin a bheith riachtanach nó cuí ar shlí eile, ag féachaint do na fíricí agus do na cúinsí bunúsacha. I measc na nithe a spreagann gníomhartha den sórt sin, tá:

- saincheisteanna a aithnítear go hinmheánach;
- saincheisteanna a tharchuirtear go hinmheánach;
- saincheisteanna a aithnítear de bhun athbhreithnithe ar ábhar a comhdaíodh leis an OCC;
- saincheisteanna a aithnítear trí mhonatóireacht ar dhlíthíocht;
- saincheisteanna a aithnítear trí athbhreithniú ar thuairisciú an phreasa, ar an idirlíon etc.

Mar shampla, is é a bhí i gceist le hábhar na bhfiosruithe a tionscnaíodh le linn na bliana ná amhras go raibh daoine féimhithe ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachtaí, amhras go raibh daoine ag gníomhú mar iniúchóirí cé nach raibh siad údaraithe é sin a dhéanamh agus amhras gur falsaíodh cáipéisí.

Ag brath ar chineál na gcúinsí bunúsacha, is féidir cur le fiosruithe agus le himscrúduithe na hOifige trí na nithe seo a leanas a úsáid:

- cumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra;
- cumhachtaí coiriúla an Stiúrthóra; agus/nó
- na cumhachtaí atá dílsithe do na Gardaí atá ar iasacht leis an Oifig de bhua na hoifigigh sin a bheith ina mbaill den Gharda Síochána

## Líon na n-ionchur inmheánach – 2012

Gineadh 172 ionchur inmheánach san iomlán le linn 2012 (2011: 74).

## CUID B: TRÉCHUIR

Go ginearálta, gintear ionchuir, is cuma cé acu a thagann siad ó fhoinsí inmheánacha nó ó fhoinsí seachtracha, cáschomhad a oscailt.

I gcás thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí, cuirtear cásanna i gcrích go nádúrtha de ghnáth nuair a dhéantar cinneadh ar cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar faoiseamh don leachtaitheoir ón oibleagáid chun srianadh stiúrthóirí na cuideachta a lorg. Dúntar an comhad de ghnáth nuair a dheonaítear an faoiseamh sin. Sa chás nach ndeonaítear faoiseamh, nó nach ndeonaítear é ach go páirteach (is é sin deonaítear i gcás roinnt de na stiúrthóirí, seachas i gcás gach duine díobh), déanann an Oifig faireachán ar na himeachtaí iomchuí srianta nó dícháilithe agus taifeadtar an toradh chomh luath agus a dhéantar cinneadh ar na himeachtaí sin. Mar sin féin, déanann an Oifig athbhreithniú ar chásanna ó am go ham nuair a chuirtear imní in iúl di faoi na nithe seo a leanas, mar shampla:

- táillí leachtaitheoirí;
- mainneachtain shoiléir sócmhainní a leithdháileadh ar bhonn tráthúil;
- mainneachtain shoiléir leachtú a thabhairt chun críche laistigh d'amfhráma réasúnach.

I gcás ionchuir eile, amhail, mar shampla, tuairiscí iniúchóirí, gearáin, tarchuir etc., osclaítear comhad agus déantar scrúdú ar an ábhar chun cinneadh a dhéanamh, sa chéad ásc, ar cé acu atá nó nach bhfuil sé ina ábhar a thagann faoi shainchúram na hOifige. Ina dhiaidh sin, déantar dul chun cinn ar chásanna ar an mbonn a mheastar a bheith is oiriúnaí dá gcúinsí ar leith. I measc na modhanna dul chun cinn, tá:

- bualadh leis an ngearánaí, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil de ghnáth ar na saincheisteanna a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith;
- bualadh leis na stiúrthóirí (mar shampla, i gcás a bhaineann le hiasachtaí stiúrthóirí);
- cumhachtaí sibhialta a fheidhmiú amhail, mar shampla:
  - éilimh a eisiúint chuig stiúrthóirí cuideachtaí chun leabhair agus taifid chuideachtaí a tháirgeadh;
  - éilimh a eisiúint chuig leachtaitheoirí chun a gcuid leabhair agus taifid leachtaithe a tháirgeadh;
  - éilimh a eisiúint chuig daoine atá ag gníomhú, nó a airbheartaíonn chun gníomhú, mar iniúchóirí le haghaidh fianaise a tháirgeadh ar a gcuid cáilíochtaí;
  - éilimh a eisiúint lena gceanglaítear ar leachtaitheoirí tuairiscí alt 56 atá amuigh a chomhdú;
- cumhachtaí coiriúla a fheidhmiú, amhail, mar shampla, barántais chuardaigh a fhorghníomhú, gabháil etc.;
- dul i dteagmháil le húdaráis reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith in ann cabhrú le fiosruithe na hOifige, mar shampla, trí fhaisnéis iomchuí a chomhroinnt.

Ar chríochnú fhiosruithe na hOifige, déantar cinneadh ar an gcineál gnímh is oiriúnaí atá le glacadh. Is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith i gceist anseo:

- cinneadh a dhéanamh gan aon ghníomh eile a ghlacadh (mar shampla, i gcásanna ina léiríonn fiosruithe nach raibh aon sárú ar dhlí na gcuideachtaí nó go raibh an sárú mionchúiseach ó thaobh cineáil de agus, mar thoradh air sin, gur díréireach a bheadh gníomh forfheidhmithe);
- cinneadh a dhéanamh gan gníomh forfheidhmithe a ghlacadh ar an ócáid seo ach, ina áit sin, rabhadh a eisiúint go mbrostófar gníomh forfheidhmithe má dhéantar an sárú arís (mar shampla, i gcásanna inar réitíodh an sárú);
- ábhair a tharchur chuig údaráis reachtúla eile nó chuig comhlachtaí gairmiúla eile i gcásanna ina mbaineann na hábhair le sainchúraim faoi seach na n-údarás agus na gcomhlachtaí sin;
- imeachtaí sibhialta a thionscnamh;
- imeachtaí coiriúla a thionscnamh.

Sna Táblaí seo a leanas, leagtar amach sonraí ar na hualaí éagsúla cáis a ndearna an Oifig dul chun cinn orthu le linn na bliana faoi athbhreithniú. Tugtar sonraí sa chéad chuid eile den Chaibidil seo ar na haschuir a thagann as próiseáil a dhéanamh ar ualaí éagsúla cáis na hOifige.

**Tábla 13**
**Tréchur thuairiscí alt 56 na leachtaitheoirí – 2012**

| | | |
|---|---|---|
| Tuarascálacha alt 56 idir lámha ar 1 Eanair, 2012 | | 839 |
| Tuarascálacha nua a fuarthas i 2012 | 1,787 | |
| Lúide: Tuarascálacha ar a rinneadh cinntí i 2012 | 1,720 | |
| **Tuarascálacha alt 56 idir láma ar 31 Nollaig, 2012** | | **906** |

Tugtar sonraí níos déanaí sa Chaibidil seo ar chinntí na hOifige ar thuairiscí leachtaitheoirí.

**Tábla 14**
**Tréchur cásanna eile - 2012**

| | | |
|---|---|---|
| Cásanna eile idir lámha ar 1 Eanair, 2012 | | 187 |
| Cásanna nua a osclaíodh i 2012 | 644 | |
| Lúide: Cásanna a críochnaíodh i 2012 | 638 | |
| **Cásanna eile idir lámha ar 31 Nollaig, 2012** | | **193** |

# CUID C: ASCHUIR

## Aschuir ó phróiseas alt 56

### Cinntí a rinneadh ar thuairiscí leachtaitheoirí

Rinne an Oifig cinntí críochnaitheacha (is é sin cinntí seachas iad siúd chun 'Faoiseamh ag an am seo' a dheonú) ar 1,246 tuairisc leachtaitheoirí le linn 2012 (2011: 1,125), agus rinneadh 474 cinneadh eile chun 'Faoiseamh ag an am seo' a dheonú (2011: 472).

As na cinntí críochnaitheacha a rinneadh le linn 2012, rinneadh 1,026 ceann acu i ndáil le tuairiscí tosaigh (2011: 881), agus rinneadh 220 ceann eile acu i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin (2011: 244).

Déantar anailís sa dá Thábla seo a leanas ar na cinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh agus le tuairiscí ina dhiaidh sin faoi seach.

**Tábla 15**
**Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí tosaigh alt 56 na leachtaitheoirí**

| Cineál cinnidh | 2012 | % | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|
| Faoiseamh iomlán[55] | 979 | 73 | 806 | 68 |
| Gan faoiseamh a dhámhadh[56] | 39 | 3 | 59 | 5 |
| Faoiseamh páirteach[57] | 8 | 1 | 16 | 2 |
| Faoiseamh ag an am seo[58] | 298 | 23 | 296 | 25 |
| **Iomlán** | **1,324** | **100** | **1,177** | **100** |

**Tábla 16**
**Anailís ar chinntí a rinneadh i ndáil le tuairiscí ina dhiaidh sin alt 56 na leachtaitheoirí**

| Cineál cinnidh | 2012 | % | 2011 | % |
|---|---|---|---|---|
| Faoiseamh iomlán[55] | 135 | 34 | 170 | 40 |
| Gan faoiseamh a dhámhadh[56] | 71 | 18 | 61 | 15 |
| Faoiseamh páirteach[57] | 14 | 4 | 13 | 3 |
| Faoiseamh ag an am seo[58] | 176 | 44 | 176 | 42 |
| **Iomlán** | **396** | **100** | **420** | **100** |

[55] Dámhadh faoiseamh iomlán i gcásanna ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuarascáil(eacha) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh gach stiúrthóir uile na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

[56] Níor dámhadh faoiseamh nuair ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas a le fáil (tuarascáil(eacha) an leachtaitheoir san áireamh), nach bhfuil go leor fianaise gur ghníomhaigh aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu

[57] Dámhadh faoiseamh páirteach in imthosca ina ceapann an Oifig tuairim, bunaithe ar eolas le fáil (tuarascáil(eacha) an leachtaitheoir san áireamh), go dealraíonn di gur ghníomhaigh roinnt stiúrthóirí na cuideachta dócmhainní ach nach leo ar fad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

[58] Dámhadh 'Faoiseamh ag an am seo' i gcásanna ina raibh an Oifig sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun a imscrúdú ar chúis le forléasadh na cuideachta a dul chun cinn / críochnú. Ar an dul céanna, ó am go ham, síleann an Oifig go bhfuil gá cinneadh cinntitheach a chur ar athlá mar gheall ar castacht cúrsaí cuideachtaí áirithe agus an riachtanas gaolmhar rannpháirtíocht forlíontach leis an leachtaitheoir bainteach. Agus 'Faoiseamh ag an am seo' dámhaithe, tá ceangal ar a leachtaoiteoir tuarascáil nua a thabhairt isteach.

Tá liostaí iomlána de na stiúrthóirí, agus de na cuideachtaí lena mbaineann, ar deonaíodh faoiseamh iomlán agus faoiseamh 'ag an am seo' dóibh le linn 2012 ar fáil ag www.osfc.ie.

### Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt

Mar a léiríodh níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás nár dheonaigh an Oifig faoiseamh dóibh, éilítear ar leachtaitheoirí iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun srianadh na stiúrthóirí iomchuí cuideachtaí a lorg. I gcásanna áirithe, roghnóidh leachtaitheoirí, mar thoradh ar a gcuid imscrúduithe féin, dícháiliú stiúrthóirí, seachas srianadh stiúrthóirí, a lorg. Leagtar amach sa Tábla thíos sonraí ar thorthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt, faoi mar a thug an Ard-Chúirt iad le linn na bliana.

**Tábla 17**
**Torthaí iarratais na leachtaitheoirí chuig an gCúirt – 2012**

| | Cásanna | Stiúrthóirí curtha orthu |
|---|---|---|
| Orduithe um shrianadh deonta | 130 | 227 |
| Orduithe dícáiliú deonta | 12 | 15 |
| Gan orduithe deonta | 5 | 15 |
| **Iomlán** | **147** | **257** |

Tugtar tuilleadh anailíse in Aguisíní 3 go 5 den Tuarascáil seo ar na hOrduithe a rinne an Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí.

### Fíricí agus cúinsí a ndearna an Ard-Chúirt breithniú orthu agus Orduithe dícháilithe á ndéanamh aici

Is leagtha amach thíos, chun críocha léiriúcháin, atá samplaí de na cineálacha saincheisteanna a ndearna an Ard-Chúirt breithniú orthu agus na hOrduithe dícháilithe atá liostaithe in Aguisín 4 a ghabhann leis an Tuarascáil seo á ndéanamh aici. Rinneadh na hOrduithe sin de bhun iarratais dícháilithe a rinne na leachtaitheoirí ceaptha tar éis dóibh tuairiscí alt 56 dá gcuid a chur faoi bhráid na hOifige.

- Lean stiúrthóir de bheith ag trádáil in ainm na cuideachta, agus de bheith ag cur sonrasc le haghaidh seirbhísí tógála, ar feadh dhá bhliain in ainneoin gur baineadh an chuideachta sin de Chlár na gCuideachtaí. Ar deireadh, rinne na Coimisinéirí Ioncaim achainí chuig na Cúirteanna le haghaidh athbhunú agus fhoirceannadh na cuideachta. Bhí dliteanais neamhíoctha ÍMAT/ÁSPC de €225,000 agus dliteanais chreidiúnaí trádála de €214,000 ag an gcuideachta. Díscaoileadh dara cuideachta freisin agus leanadh ar aghaidh le fostaithe na chéad chuideachta a fhostú leis an gcuideachta sin. Bhí an dá chuideachta á dtrádáil, a bheag nó a mhór, mar aonán amháin in ainneoin gur baineadh an dá cheann acu den Chlár. Osclaíodh tríú cuntas bainc in ainm pearsanta, agus cuireadh seiceanna agus lóisteálacha sa chuntas nua sin in ainneoin gur seoladh roinnt de na seiceanna chuig cuideachta theoranta.

- Thug cuideachta faoi thearcdhearbhú córasach dliteanas cánach a bhain le suimeanna arbh fhiú €1.5m san iomlán iad a bhain le 28 tuairisceán ÍMAT/ÁSPC a comhdaíodh ó mhí Eanáir 2007 go dtí mí na Bealtaine 2009 agus le 8 dtuairisceán CBL a comhdaíodh do gach tréimhse dhá mhí ó mhí Eanáir 2008 go dtí mí Bealtaine 2009. Thrádáil an chuideachta agus í dócmhainneach agus fuair na stiúrthóirí thart ar €87,000 in íocaíochtaí nuair a bhí an chuideachta dócmhainneach, agus bhí rochtain ag stiúrthóir amháin ar árasán a bhí faoi úinéireacht na cuideachta gan ceangal a bheith air cíos ná táillí seirbhíse a íoc. Dhícháiligh an Ard-Chúirt ceathrar stiúrthóirí cuideachta ar feadh tréimhsí idir 4 bliana agus 7 mbliana.

- Cé go ndearna stiúrthóir infheistíocht de €450,000 i gcuideachta amháin, thóg sé an t-airgead ar fad sin ar ais ón gcuideachta ar feadh tréimhse dhá bhliain, agus aistarraingíodh suimeanna suntasacha nuair a bhí an chuideachta dócmhainneach agus nuair a bhí dliteanais neamhíoctha chánach de €180,000 aici. Bhí fianaise freisin go raibh gníomhaíocht féinics ar bun, is é sin, go raibh dara cuideachta ag leanúint ar aghaidh le gnó na chéad chuideachta.
- Níor choimeád cuideachta leabhair agus taifid chuí agus chreid an leachtaitheoir go raibh sí ag cailleadh airgid le linn a tréimhse thrádála. D'íoc an chuideachta suim an-bheag chánach agus foirceannadh í tar éis achainí ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Chlóigh cuideachta iris áitiúil agus ina dhiaidh sin lean an iris sin de bheith á foilsiú ag dara cuideachta (trí bhíthin cuideachta féinics). Bhí cuideachta eile cláraithe ag na stiúrthóirí chun táirgeadh, foilsiú, eagarthóireacht agus leithdháileadh a dhéanamh ar an nuachtán saorbhileoige. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim achainí chuig na Cúirteanna le haghaidh fhoirceannadh na gcuideachtaí.
- Rinne na stiúrthóirí de chuid cuideachta sárú ar na forálacha reachtúla i leith iasachtaí stiúrthóirí thar roinnt blianta. Mhéadaigh suim iomlán na n-aistarraingtí ó thart ar €77,000 i 2006 go dtí €200,000 i 2008. Níor taifeadadh ceann ar bith de na haistarraingtí sin ó phárolla na cuideachta. Mainníodh freisin féichiúnaithe a shaothrú go leordhóthanach ar bhonn tráthúil, agus d'fhág sé sin gur bhraith an chuideachta ar dhliteanais neamhscaoilte chánach le haghaidh sreabhadh airgid. Nuair a scoir an chuideachta de bheith ag trádáil, níor ghlac na stiúrthóirí aon ghníomh chun í a chur faoi leachtú. Bhí ar na Coimisinéirí Ioncaim achainí a dhéanamh le haghaidh fhoirceannadh na cuideachta, ag am inarbh ionann dliteanais chánach (meastacháin san áireamh) agus níos mó ná €360,000.
- Bhain dócmhainneacht dhá chuideachta le hiasachtaí stiúrthóra agus le hiasachtaí idirchuideachta trínar theip ar stiúrthóir iasachtaí stiúrthóra de thart ar €375,000 agus €215,000 faoi seach a aisíoc agus rinneadh iasacht bhreise idirchuideachta de €222,000 le tríú cuideachta. Rinneadh na hiasachtaí sin thar roinnt blianta. B'ionann suim iomlán na n-aistarraingtí ón dá chuideachta leachtaithe agus thart ar €812,000. Chuir an mhainneachtain na hiasachtaí a aisíoc le neamhábaltacht na gcuideachtaí freastal ar a gcuid dliteanas.
- D'atreoraigh stiúrthóir de chuid cuideachta sócmhainní ón gcuideachta agus theip air comhoibriú leis an leachtú. Bhí an leachtaitheoir i dteagmháil leis an gcuideachta ar dtús maidir le hiarratas le haghaidh scrúdaitheoireachta, ar an mbonn gur mhol an stiúrthóir infheistíocht bhreise sa chuideachta. Bhí imní ar an leachtaitheoir ina dhiaidh sin faoi ghníomhartha an stiúrthóra chun scor de bheith ag trádáil agus chun sócmhainní a aistriú ón gcuideachta agus, tar éis dó dócmhainneacht na cuideachta a aimsiú, rinne an leachtaitheoir achainí le haghaidh leachtú na cuideachta.
- Thug stiúrthóir de chuid cuideachta cead don chuideachta sin leanúint de bheith ag trádáil ar feadh tréimhse 18 mí ar a laghad nuair ab eol dó, nó nuair ba cheart gurbh eol dó, go raibh an chuideachta dócmhainneach. Le linn an ama sin, tháinig méadú de níos mó ná €1.2m ar chaillteanais trádála agus bhí méadú de €1.5m ar dhliteanais do na Coimisinéirí Ioncaim. Bhraith an chuideachta ar dhliteanais neamhíoctha chánach le haghaidh sreabhadh airgid ar feadh níos mó ná 3 bliana. Tráth an leachtaithe, bhí níos mó ná €5m dlite do na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí áibhéil shuntasach déanta ar cháilmheas i ráitis airgeadais na cuideachta. Bhí fianaise freisin ar ghníomhaíocht féinics, mar gur aistríodh an chuideachta chuig dara cuideachta gan chomaoin díreach roimh an leachtú.

### Aschuir eile ó phróiseas alt 56

Ó am go ham, aithnítear in athbhreithniú na hOifige ar thuairiscí leachtaitheoirí saincheisteanna a meastar a bheith ina mbarántú ar ghníomh le cois agus os cionn cinneadh a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart faoiseamh a dheonú. Bíonn na nithe seo a leanas i measc gníomhartha den sórt sin go minic:

- tarchuir inmheánacha a dhéanamh maidir le hábhair a meastar a bheith ina mbarántú ar imscrúdú breise agus/nó ar ghníomh forfheidhmithe; agus
- tarchuir a dhéanamh chuig comhlachtaí rialála eile.

## Aschuir na hoibre forfheidhmithe

Déantar obair forfheidhmithe na hOifige ar roinnt bealaí éagsúla, ina measc siúd:

- dul i dteagmháil le stiúrthóirí cuideachtaí agus le páirtithe leasmhara eile d'fhonn réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach i gcásanna neamhchomhlíonta;
- cumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú d'fhonn comhlíonadh a bhaint amach;
- fianaise ar sháruithe féideartha ar fhorálacha rialála, seachas iad siúd a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, a tharchur chuig rialtóirí iomchuí (lena n-áirítear ábhair iomchuí a tharchur chuig comhlachtaí gairmiúla freisin);
- réitigh shibhialta a lorg san Ard-Chúirt, amhail, mar shampla, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt le haghaidh dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí ar chúiseanna sonraithe;
- imeachtaí achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche; agus
- comhaid imscrúdaithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena bhreithniú ar cé acu atá nó nach bhfuil údar ag na hábhair sna comhaid sin le hionchúiseamh coiriúil os comhair na Cúirte Cuarda, tar éis mion-imscrúdú a dhéanamh agus teacht ar an tuairim ar bhonn an mhion-imscrúdaithe sin go bhféadfadh údar a bheith le triail ar díotáil mar gheall ar fhianaise ar choiriúlacht a bhfuiltear in amhras uirthi.

Leagtar amach thíos na príomh-aschuir a bhaineann le gníomhaíochtaí forfheidhmithe na hOifige.

## Réiteach/leasúchán deonach a bhaint amach

I 124 cás inar tuairiscíodh, nó inar tháinig chun solais ar shlí eile, sáruithe amhrasta ar iasachtaí stiúrthóirí, tháinig réitigh (lena n-áirítear aisíocaíocht/laghdú iasachtaí) arbh fhiú €55m san iomlán iad (2011: €51m) as gníomhartha na hOifige.

## Comhlíonadh a áirithiú trí chumhachtaí sibhialta an Stiúrthóra a fheidhmiú

Úsáideadh roinnt forálacha reachtúla éagsúla go rathúil le linn 2012 d'fhonn comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a áirithiú. Ina measc siúd:

- 3 ordú faoi alt 131(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963, (arna leasú) ("Acht 1963") lenar éilíodh tionól Cruinnithe Ginearálta Bliantúla ("CGB") cuideachtaí. Eisíodh na horduithe sin tar éis breithniú a dhéanamh ar ghearáin a fuarthas ó bhaill de na cuideachtaí lena mbaineann;
- 2 ordú faoi alt 145(3A) d'Acht 1963 lenar éilíodh táirgeadh miontuairiscí ó CGBanna cuideachtaí, chomh maith le táirgeadh miontuairiscí ó chruinnithe na stiúrthóirí/ó chruinnithe Choistí na stiúrthóirí. Mar an gcéanna, eisíodh na horduithe sin tar éis breithniú a dhéanamh ar na gearáin a fuarthas;
- 198 n-ordú, de bhun alt 371(1) d'Acht 1963, lenar éilíodh ar leachtaitheoirí a gcuid oibleagáidí tuairiscithe faoi alt 56 den AFDC a chomhlíonadh; agus
- 7 n-ordú, de bhun alt 371(1) d'Acht 1963, lenar éilíodh comhlíonadh gnéithe áirithe d'Achtanna na gCuideachtaí, lena n-áirítear na hoibleagáidí chun ráitis iniúchta airgeadais a ullmhú agus chun tuairisceáin bhliantúla a chomhdú leis an OCC.

Chomh maith leis an méid roimhe seo, d'fheidhmigh an Oifig a ceart chun iarratais áirithe a bhaineann le comhlíonadh a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar 3 ócáid ar leith freisin. Rinneadh na hiarratais sin ar mhaithe lena áirithiú go gcomhlíonfadh cuideachtaí, a gcuid stiúrthóirí agus, i gcás amháin, leachtaitheoir a gcuid oibleagáidí reachtúla. Mar thoradh ar na hiarratais sin, rinneadh Orduithe Cúirte a bhain leis na nithe seo a leanas:

- ráitis iniúchta airgeadais a sholáthar do bhaill chuideachtaí;
- ráitis iniúchta airgeadais a chur i láthair roimh CGBanna cuideachtaí;
- Tuairisceáin Bhliantúla, agus ráitis airgeadais ag gabháil leo, a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí;

- gealltanais a bheith á dtabhairt don Ard-Chúirt ag an gcuideachta agus ag a cuid stiúrthóirí maidir le comhlíonadh forálacha reachtúla a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
    - oifig chláraithe a chothabháil agus a fheidhmiú;
    - Leabhair Mhiontuairiscí agus Cláir reachtúla de chuid cuideachtaí a choimeád agus a tháirgeadh;
    - CGBanna a thionól;
    - fógra cuí faoi CGBanna, chomh maith le gach cáipéis atá ag teastáil ó thaobh cúrsaí reachtúla de, a thabhairt roimh Chruinnithe Ginearálta Bliantúla do gach páirtí atá i dteideal fógra den sórt sin a fháil; agus
    - ionstraimí chun seachvótálaithe a cheapadh a chur ar fáil lena n-iniúchadh roimh CGBanna;
- bronnadh costais ar an Oifig in aghaidh leachtaitheora de bhun imeachtaí comhlíonta arna dtionscnamh ag an Oifig ar mhaithe le hOrdú a lorg chun ceangal a chur ar an leachtaitheoir lena mbaineann Tuairisc alt 56 a chur ar fáil don Oifig. Ós rud é gur cuireadh tuairisc alt 56 atá i gceist anseo ar fáil tar éis sheirbheáil imeachtaí na hArd-Chúirte, rinneadh Ordú lenar scriosadh amach na himeachtaí agus rinneadh Ordú i gcomhair costas in aghaidh an leachtaitheora.

De ghnáth, sa chás go n-éiríonn leis an Oifig agus go lorgaítear costais, bronntar a cuid costas a bhain le hiarratais den sórt sin a dhéanamh ar an oifig.

## Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile

Cé go bhfuil oibleagáid ar an Oifig faisnéis rúnda a dtagann ina seilbh aici a choinneáil, tá foráil reachtúil[59] d'fhaisnéis a chur in iúl do thríú páirtithe áirithe (comhlachtaí rialála eile agus comhlachtaí gairmiúla áirithe) ar choinníoll go sásaítear critéir fhorordaithe áirithe.

De bhun na forála roimhe seo, rinneadh 18 dtarchur chuig CACanna le linn na bliana. Ag féachaint dá shainchúram reachtúil, tugtar cóipeanna de tharchuir den sórt sin d'ÚMICÉ i ngach cás.

I measc na saincheisteanna a tharchuirtear chuig CACanna go minic, tá:

- cásanna ina bhfuil amhras go n-airbheartaíonn baill iniúchtaí a dhéanamh nuair nach bhfuil sé/sí údaraithe ag a chuid/cuid comhlachtaí gairmiúla é sin a dhéanamh nó nuair atá sé/sí coiscthe ar shlí eile de bhua dlí nó oibleagáidí gairmiúla;
- neamhthuairisciú, nó tuairisciú moillithe, cionta indíotáilte a bhfuiltear in amhras orthu;
- ceisteanna a bhaineann le cineál na dtuairimí iniúchta a thugtar i leith cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta;
- mainneachtain freagra a thabhairt ar fhiosruithe arna n-ardú ag an Oifig tar éis di tuairiscí a fháil faoi chionta indíotáilte.

Mar aon leis an méid sin roimhe seo, déanann an Oifig tarchuir chuig comhlachtaí rialála eile nuair a mheastar é a bheith riachtanach nó cuí ar shlí eile.

## Forfheidhmiú sibhialta

### Cuideachtaí díscaoilte dócmhainneacha

Mar a leagadh amach níos luaithe sa Chaibidil seo, sa chás go raibh cuideachtaí dócmhainneach nuair a bhí siad á mbaint den Chlár, is é beartas na hOifige breithniú a dhéanamh ar dhícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí den sórt sin a lorg i gcásanna cuí.

Baintear na mílte cuideachta den Chlár in aon bhliain ar leith. Mar sin féin, ní bhíonn ach cuid acu dócmhainneach. Tarlaíonn sé nach mbíonn cuid mhór cuideachtaí eile acu ag trádáil a thuilleadh nó go mbíonn gach dliteanas gan íoc dá gcuid scaoilte acu sular baineadh amach den Chlár iad. Mar gheall air sin, féachann an Oifig le cuideachtaí a aithint nuair atá fianaise go raibh fiacha neamhíoctha ábhartha ann ag an dáta ar ar baineadh den Chlár iad. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne an Ard-Chúirt cinneadh ar 10 gcás a bhain le hiarratais ag an

[59] Alt 17 den AFDC

Oifig chun stiúrthóirí a dhícháiliú. I 9 gcinn de na cásanna sin, rinne an Chúirt 17 nOrdú san iomlán chun stiúrthóirí a dhícháiliú agus rinne sí Ordú amháin eile chun stiúrthóir a shrianadh.

Scriosadh an cás eile amach tar éis an chuideachta lena mbaineann a chur ar ais ar an gClár agus tar éis ceapadh leachtaitheora ina dhiaidh sin. Rinne an Oifig cinneadh ar 38 cás eile gan caingean Chúirte. Ní théann cásanna ar aghaidh chuig na Cúirteanna i gcásanna, mar shampla, ina sásaíonn iar-stiúrthóirí an Oifig gur glanadh na dliteanais uile sular eisíodh na himeachtaí Cúirte a bhí beartaithe nó i gcásanna inar cuireadh an chuideachta ar ais ar an gClár tar éis thionscnamh fhiosruithe na hOifige.

Ag deireadh na bliana, eisíodh imeachtaí i gcúig chás eile agus bhí siad ag feitheamh le cinneadh na gCúirteanna, agus bhí 14 chás eile á scrúdú ag an Oifig. Dá bhrí sin, déileáladh le 67 cás san iomlán le linn na bliana faoi athbhreithniú.

Tá tuilleadh sonraí maidir le hOrduithe a rinne an Ard-Chúirt leagtha amach sa Tábla thíos.

**Tábla 18**
**Orduithe Dícháilithe agus Srianta a fuarthas de bhun alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990**

| Ainm na Cuideachta (Uimhir) | Daoine faoi réir an Ordaithe (is Orduithe Dícáiliú iad go léir mura curtar Srianadh in iúl) | Dáta tosaithe an Ordaithe | Dáta scoiran Ordaithe |
|---|---|---|---|
| P & W Denagher Enterprises Ltd (414368) | Patrick Denagher (Senior<br>William Denagher | 20/02/2012<br>20/02/2012 | 19/02/2016<br>19/02/2016 |
| Tinkler Sand & Gravel Ltd (200993)<br>PFS Depot Limited (361519) | Owen Tinkler<br>Catherine (Triona) Tinkler | 09/07/2012<br>09/07/2012 | 08/07/2015<br>08/07/2015 |
| Robert Fiddes Painters and Decorators Ltd (420992) | Robert Fiddes<br>Deirdre Fiddes | 16/07/2012<br>16/07/2012 | 15/07/2017<br>15/07/2017 |
| Dudley Homes Ltd (420310) | Kennneth Figgis<br>Patricia Quinn - Restricted | 30/07/2012<br>30/07/2012 | 29/07/2017<br>29/07/2017 |
| Awebb Construction Limited (455049)and BCS Data Cabling Solutions Limited (394785) | Andrew Webb<br>Irina Stolarova | 08/10/2012<br>08/10/2012 | 07/10/2015<br>07/10/2015 |
| J&C East Cork (Developments) Ltd (282102) and Peter Cuthbert Construction Ltd (264039) | Philip Joseph Jordan<br>Peter Cuthbert | 08/10/2012<br>08/10/2012 | 07/10/2017<br>07/10/2017 |
| Cromleach Hospitality Limited (439567) | Christy Tighe<br>Moira Tighe | 05/11/2012<br>05/11/2012 | 04/11/2017<br>04/11/2017 |
| Lakepoint Media Limited (442605) | Paul Morris<br>Kathleen Morris | 05/11/2012<br>05/11/2012 | 04/11/2017<br>04/11/2017 |
| Poddle Inns Limited (379630) | Ciaran Curtis<br>Bernardine Kavanagh | 10/12/2012<br>10/12/2012 | 09/12/2017<br>09/12/2017 |

### Imeachtaí eile forfheidhmithe shibhialta

**An tUasal Michael Bailey agus an tUasal Thomas Bailey/Bovale Developments**[60]
Mar a tagraíodh dó i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, thionscain an Oifig imeachtaí dícháilithe in aghaidh an Uasail Michael Bailey agus an Uasail Thomas Bailey (na Freagróirí), ar stiúrthóirí de chuid Bovale Developments iad, i 2006. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, thug na Freagróirí iarratas le haghaidh ordú follasaithe os comhair na hArd-Chúirte in aghaidh na hOifige. Bhí an t-iarratas sin ina ábhar d'éisteacht leathlae os comhair na hArd-Chúirte i mí Dheireadh Fómhair. Tar éis na héisteachta, thug an Breitheamh Onórach Cooke breithiúnas forchoimeádta inar dhiúltaigh sé don iarratas agus inar bhronn sé a cuid costas ar an Oifig.

**An tUasal John Slattery/Lapple Ireland Limited**
I mí Iúil 2012, rinne an Ard-Chúirt Ordú dícháilithe ar feadh 6 bliana in aghaidh an Uasail John Slattery, iarStiúrthóir Bainistíochta de chuid Lapple Ireland, in imeachtaí a thionscain an Oifig. Is féidir tuilleadh sonraí maidir leis an gcás sin a fháil ag www.osfc.ie.

**Banc Náisiúnta na hÉireann Teoranta ("BNÉ")/ Seirbhísí Airgeadais Bhanc Náisiúnta na hÉireann Teoranta ("SABNÉ)**
Mar a leagadh amach i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, tá páirt glactha ag an Oifig i sraith cásanna sibhialta idirghaolmhara. Tagann gach ceann de na cásanna sin ó Thuarascáil na gCigirí (Arna gceapadh faoi Alt 8 d'Acht na gCuideachtaí 1990) chun Imscrúdú a dhéanamh ar Ghnóthaí BNÉ agus SABNÉ[61].

I mí Iúil 2005, thionscain an Oifig imeachtaí dícháilithe in aghaidh naonúir a raibh ina stiúrthóirí agus/nó ina n-oifigigh de chuid BNÉ agus/nó SABNÉ roimhe seo. Ag tús na bliana 2012, bhí dhá cheann de na cásanna go hiomlán tugtha chun críche, bhí cás amháin fós ar feitheamh ag leibhéal na hArd-Chúirte, bhíothas ag súil leis go ndéanfadh an Chúirt Uachtarach Orduithe deiridh roimh i bhfad i gcás amháin eile ar éist sí leis le linn 2011, agus bhí dátaí éisteachta sa Chúirt Uachtarach ar feitheamh i gcás cúig achomharc[62] in aghaidh cinntí a rinne an Ard-Chúirt roimhe seo.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, rinne an Chúirt Uachtarach Ordú i gcás an **Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach v. Barry Seymour** agus dheonaigh sí dearbhú srianta faoi alt 150 d'Acht na gCuideachtaí 1990, i leith an Fhreagróra ar feadh 5 bliana, le héifeacht ón 6 Nollaig 2011 (rinneadh an tOrdú sin in ionad an Ordaithe dícháilithe 9 mbliana, rud a mheas an Breitheamh Ard-Chúirte a bheith cuí). Chomh maith leis sin, bhronn an Chúirt Uachtarach ar an Oifig leathchuid de na costais a thabhaigh sí san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

I mí na Samhna 2012, bhí ceann eile de na hachomhairc liostaithe le haghaidh éisteachta os comhair na Cúirte Uachtaraí. Ba é sin achomharc na hOifige in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte nár cheart aon Ordú dícháilithe a dhéanamh in aghaidh an Fhreagróra. Trí chomhaontú idir na páirtithe, tarraingíodh achomharc na hOifige siar agus iarradh ar an gCúirt an tOrdú le haghaidh costas (in aghaidh na hOifige) a rinne an Ard-Chúirt i bhfabhar an Fhreagróra a chealú.

## Forfheidhmiú coiriúil

### Ionchúisimh achoimre

I gcomhréir le forálacha an AFDC, is féidir leis an Stiúrthóir ionchúisimh achoimre a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche. Le linn na bliana, rinne an Oifig imeachtaí achoimre a thabhairt agus a ionchúiseamh ar cheithre ócáid, ar eascair na nithe seo a leanas astu:

60 Tugadh Bovale Developments Limited ar an gcomhlacht roimhe seo (sular athchláraíodh í mar chuideachta neamhtheoranta)

61 Bhí na Cigirí ceaptha ag an Ard-Chúirt i mí an Mhárta 1998 agus rinne siad a n-imscrúduithe thar thréimhse a mhair beagán níos mó ná 6 bliana. Foilsíodh a dTuarascáil trí Ordú na hArd-Chúirte a rinneadh i mí Iúil 2004.

62 Bhí dhá cheann de na hachomhairc sin tógtha ag an Oifig in aghaidh chinntí na hArd-Chúirte a dhiúltaigh d'argóint na hOifige gur cheart na freagróirí iomchuí a dhícháiliú. Bhí trí cinn de na hachomhairc tógtha ag freagróirí in aghaidh chinntí na hArd-Chúirte a ghlac le hargóintí na hOifige gur cheart na freagróirí a dhícháiliú.

- 16 chiontú, agus cuireadh 14 chúiseamh eile san áireamh;
- gearradh fíneálacha comhiomlána de €8,208
- forchuireadh téarma príosúnachta 5 mhí (ar fionraí ar feadh 3 bliana);
- forchuireadh 1 dhícháiliú uathoibríoch (de bhua ciontaithe mar gheall ar a bheith ag gníomhú de shárú ar Ordú srianta); agus
- bronnadh costais de €6,000 ar an Oifig.

Déantar achoimre sa Tábla thíos ar shonraí na n-ionchúiseamh sin.

**Tábla 19**
**Ionchúisimh achoimre a tugadh – 2012**

| Cás | Dáta & ionad coinne éisteacht Cúirte Dúiche | Cúisimh | Toradh Cúirte Dúiche |
|---|---|---|---|
| ODCE v. An tUasal George F. Motyer | 23 Feabhra 2012 Beanntraí, Contae Corcaigh | 6 cúisimh in aghaidh alt 187(1)[63] d'Acht na gCuideachta 1990 agus 6 chúisimh in aghaidh alt 242(1)[64] den reachtaíocht céanna | Taifeadadh 8 gciontú agus cuireadh 4 chúiseamh eile san áireamh. Gearradh fíneálacha comhiomlána de €400 i leith ceithre chion faoi alt 187(1). Maidir leis na ceithre chion faoi alt 242(1), forchuireadh príosúnacht ar feadh 5 mhí ach bheadh an phianbhreith ar fionraí ar feadh 3 bliana. Bhí costais ionchúisimh de €1,250 le híoc ag an gcosantóir. |
| ODCE v. An tUasal Frank Houlihan | 12 Iúil 2012, Cúirt Dhúiche Mainistir na Corann, Contae Corcaigh | 4 chúisimh in aghaidh alt 187(1) d'Acht na gCuideachta 1990 agus 5 chúisimh in aghaidh alt 242(1) den reachtaíocht céanna | Taifeadadh 2 chiontú agus cuireadh 7 gcúiseamh eile san áireamh. Gearradh fíneálacha comhiomlána de €3,808 i leith aon chiona faoi alt 187(1) agus aon chiona faoi alt 242(1). Bhí costais ionchúisimh de €1,250 le híoc ag an gcosantóir. |
| ODCE v. An tUasal Barry Keating | 21 Samhain 2012 Cúirt Dhúiche Guaire Contae Loch Garman | 7 gcúisimh in aghaidh alt 187(1) d'Acht na gCuideachta 1990 | Taifeadadh 4 chiontú agus cuireadh 3 chúiseamh eile san áireamh. Gearradh fíneálacha comhiomlána de €2,000. Bhí costais ionchúisimh de €1,250 le híoc ag an gcosantóir. |
| ODCE v. An tUasal. Niall Holohan | 14 Nollaig 2012 Cúirt Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath | 2 chúisimh in aghaidh alt 161(1)[65] d'Acht na gCuideachta 1990 | Taifeadadh ciontuithe ar an dá chúiseamh. Gearradh fíneálacha comhiomlána de €2,000. Bhí costais ionchúisimh de €1,250 le híoc ag an gcosantóir. Tugadh ordú iarmhartach dícháilithe[66] ar feadh cúig bliana. |

[63] Ag gníomh mar iniúchóir gan bheith cáilithe é a dhéanamh
[64] Eolas bréagach a thabhairt
[65] Ag gníomh in aghaidh dearbhú srianadh de réir alt 150
[66] Alt 161(2) d'Acht na gCuideachtaí 1990

### Achomhairc sa Chúirt Chuarda

Le linn 2012, bhí dhá chás inar dhéileáil an Chúirt Chuarda le hachomhairc a tháinig as an toradh ó imeachtaí achoimre a thionscain an Oifig sa Chúirt Dúiche. Déantar achoimre sa Tábla thíos ar shonraí na n-achomharc sin.

**Tábla 20**
**Achomhairc sa Chúirt Chuarda – 2012**

| Cás | Dáta & ionad coinne éisteachtna Cúirte Cuarda | Cúisimh | Toradh Cúirte Dúiche | Toradh Cúirte Cuarda |
|---|---|---|---|---|
| ODCE v. A tUasal Eoin Mansfield | 24 Bealtaine 2012, Dún Garbhán Contae Port Lairge. | 7 gcúisimh in aghaidh alt 187(1) d'Acht na gCuideachta 1990 | 7 gciontaithe, fíneálacha de €7,000 agus costais ioncúisimh de €1,250. | Tarraingíodh an t-achomharc siar agus deimhníodh Ordú na Cúirte Dúiche. |
| ODCE v. McEvoy's Self Service Drapery Limited | 4 Iúil 2012 Dún Dealgan, Contae Lú | 5 cúisimh in aghaidh alt 202 d'Acht na gCuideachta 1990 | 5 ciontaithe, fíneálacha de €3,000 agus costais ioncúisimh de €1,115. | Deimhníodh na ciontuithe. Laghdaíodh na fíneálacha go dtí €2,400. Ina theannta sin, bhí costais bhreise ionchúisimh de €1,250 le híoc ag an gcosantóir. |

### Cásanna a tarchuireadh chuig an SIP lena bhreithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart iad a ionchúiseamh ar díotáil

Dé bhrí gur féidir leis an Stiúrthóir ionchúisimh achoimre a thionscnamh os comhair na Cúirte Dúiche, is faoin SIP amháin cinneadh a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh (is é sin os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda).

#### An tIarBhanc-Chorparáid Angla-Éireannach cpt ("Anglo")

Leagadh amach i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo cineál ginearálta na líomhaintí a bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an Oifig orthu agus a mhéid a cuireadh comhaid, roimh thosach na bliana 2012, faoi bhráid an SIP maidir le hábhair den sórt sin. Leanadh ar aghaidh le hobair na hOifige ar an gcás seo le linn 2012 agus bhí cúrsaí a bhaineann le Anglo fós mar phríomhfhócas gníomhaíochta ag líon suntasach de bhaill foirne na hOifige le linn na bliana.

I mí Feabhra 2012 cuireadh comhad eile faoi bhráid an SIP maidir leis an imscrúdú a rinne an Oifig ar chionta líomhnaithe faoi alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963, ag eascairt as an líomhain gur sholáthair Anglo iasachtaí áirithe do pháirtithe áirithe chun scaireanna a cheannach in Anglo i lár na bliana 2008. Dhéileáil an comhad forlíontach sin le saincheisteanna a bhí ardaithe ag abhcóide a áirithíodh thar ceann an SIP. Ina theannta sin, tugadh ráitis eile finné ar bhonn tréimhsiúil d'Oifig an SIP i rith na bliana, de réir mar a tugadh chun críche agus a cuireadh ar fáil iad.

I mí Iúil 2012, d'ordaigh an SIP gur cheart triúr iar-oifigeach de chuid Anglo (is iad siúd, an tUasal Seán FitzPatrick, an tUasal William McAteer agus an tUasal Patrick Whelan faoi seach) a chúiseamh as 16 shárú líomhnaithe ar leith ar riachtanais alt 60 thuasluaite. Ina dhiaidh sin, éilíodh ar an SIP, i gcomhréir leis an ngnáthnós coiriúil, Leabhair Fianaise a

sheirbheáil ar na cúisithe agus thug oifigigh de chuid OSFC cúnamh d'Oifig an SIP maidir le hullmhú na Leabhar sin. Ina theannta sin, i rith an dara leath den bhliain, chuir an Oifig acmhainní suntasacha ar fáil chun cúnamh a thabhairt d'Oifig an SIP an oibleagáid atá ar an Oifig sin gach fianaise ábhartha ina seilbh a nochtadh don chosaint a chomhlíonadh. Ní hé amháin go mbaineann an oibleagáid nochta[67] leis an ábhar a mheas Oifig an SIP a bheith oiriúnach le cur san áireamh sna Leabhair Fianaise (ar an mbonn gur fianaise a mbeartaíonn an t-ionchúiseamh a bheith ag brath uirthi ag an triail í), ach baineann an oibleagáid nochta sin le "*...(h)aon ábhar [eile] a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chás agus a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcosaint nó damáiste a dhéanamh don ionchúiseamh*"[68].

I Márta agus i Meitheamh na bliana 2012, cuireadh comhaid fhorlíontacha chuig an SIP maidir leis an imscrúdú a rinne an Oifig ar sháruithe a rabhthas in amhras orthu ar alt 197 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, a líomhnaítear a bheith déanta i ndáil le ráitis a thabhairt d'iniúchóirí de chuid Anglo ag an am sin. Dhéileáil na ráitis sin, *inter alia*, leis an mhéid a fuair stiúrthóirí de chuid Anglo, nó daoine a raibh baint acu leis na stiúrthóirí sin, iasachtaí ó Anglo. I Nollaig na bliana 2012, agus de bhun orduithe a bhí tugtha ag an SIP ar eascair as a breithniú ar gach ceann de na comhaid ghaolmhara a chuir an Oifig isteach maidir leis na cionta líomhnaithe sin, ghabh na Gardaí an tUasal Seán FitzPatrick agus cúisíodh é as 12 shárú líomhnaithe ar leith ar alt 197.

I mí an Mhárta 2012, cuireadh comhad faoi bhráid an SIP maidir le soláthar faisnéise bréagaí nó míthreoraí a d'fhéadfadh a bheith toiliúil nó meargánta i ráitis bhliantúla áirithe airgeadais agus i ráitis eatramhacha airgeadais arna n-eisiúint ag Anglo, rudaí a bhféadfadh a bheith ina sáruithe ar na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007, nó ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Glacthaí chuig Liostú agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2007.

### Cásanna coiriúla eile a tarchuireadh chuig an SIP

Chuir an Oifig trí chomhad neamhghaolmhara ar leith eile faoi bhráid an SIP i mí Lúnasa, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag 2012 faoi seach lena breithniú ar cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a sheirbheáil ar díotáil i ndáil leis na cionta líomhnaithe faoi Achtanna na gCuideachtaí atá sonraithe sna comhaid sin.

I gceann amháin de na cásanna sin, níor mheas an Oifig gur cheart cúisimh a sheirbheáil, agus thug sí moladh sa chéill sin. Mar sin féin, ar chúiseanna a bhain le bunús an cháis, mheas sí go raibh sé cuí an cheist a tharchur lena breithniú dá ainneoin sin. Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhad lena mbaineann, d'aontaigh an SIP Poiblí le moladh na hOifige. Sa dá chás eile, bhí athbhreithniú fós á dhéanamh ag an SIP ar na comhaid ag deireadh na bliana.

[67] Rud a bhfuil a fhréamhacha aige sna cearta bunreachtúla chun triail a fháil mar is cuí de réir dlí (le fáil in Airteagal 38.1 de Bhunreacht na hÉireann) agus chun nósanna imeachta córa (le fáil in Airteagal 40.3).

[68] McKevitt v An SIP, neamhthuairiscithe, an Chúirt Uachtarach, an 18 Márta, 2003